



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0002(NLE)

5278/21
ADD 1

UD 6
CID 1
PREP-BXT 2
TRANS 16
UK 12

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Eanáir 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 6 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE- CTC a bunaíodh faoi Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i ndáil le nós imeachta coiteann idirthurais maidir le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 6 final.

Faoi iamh: COM(2021) 6 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2021
COM(2021) 6 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

**faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-
CTC a bunaíodh faoi Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i ndáil le nós imeachta
coiteann idirthurais maidir le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

DRÉACHT
Cinneadh Uimh. /2021 den Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an
20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta coiteann idirthurais
an ...2021
lena leasaítear Foscríbhinní I agus III den Choinbhinsiún sin

COMHCHOISTE AE-CTC

Ag féachaint do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta coiteann idirthurais, agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun litir (a) d’Airteagal 15(3) de Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta coiteann idirthurais¹ (‘an Coinbhinsiún’), tá an Comhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún le leasuithe a ghlacadh trí bhíthin cinntí ar na Foscríbhinní atá sa gCoinbhinsiún.
- (2) Leasaíodh Airteagal 311 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447² ón gCoimisiún lena leagtar síos an iarraidh ar aistriú aisghabháil na bhfiach custaim³. De réir na míreanna nua (3) agus (4), sa chás fianaise a bheith faighte ag údarás custaim tíre atá ag plé le hoibríocht idirthurais, fianaise gur ar a críocha féin a tharla na himeachtaí ba chúis leis na fiacha, ba cheart don údarás sin a iarraidh ar an tír imeachta freagracht thosú na haisghabhála a aistriú chuici féin. Is éard ba cheart don tír imeachta a dheimhniú laistigh de thréimhse áirithe an bhfuil inniúlacht thosú na haisghabhála á haistriú aici chuig an údarás custaim iarratasóra nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 50 d’Iarscríbhinn I den Choinbhinsiún a leasú dá réir sin, airteagal ina bhfuil athrá ar na forálacha atá in Airteagal 311 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún.
- (3) Iarscríbhinn 72-04 de Rialachán (AE) Cur chun Feidhme 2015/2447 ón gCoimisiún, iarscríbhinn ina bhfuil cur síos ar nós imeachta an leanúnachais ghnó, tá leasú⁴ déanta air feasta agus is infheidhme dó ón 30 Meitheamh 2020. De réir an phointe leasaithe 19.3, Caibidil III, bailíocht na ndeimhnithe ráthaíochta is cuimsitheach ar páipéar mar aon le bailíocht na ndeimhnithe díolúine dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 72-04 le Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2015/2447, tá síneadh orthu feasta le breis

¹ IO L 226, 13.8.1987, lch. 2

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1394 ón gCoimisiún an 10 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i dtaca le rialacha áirithe i leith faireachas agus saoradh ón tsaorghluaiseacht agus ón dul amach as limistéar custaim an Aontais (IO L 234, 11.9.2019, lch. 1)

⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/893 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 206, 30.06.2020, lch. 8)

solúbthachta a cheadú i nós imeachta an leanúnachais ghnó idirthurais agus le laghdú a chur ar na foirmiúlachtaí atá ar na húdaráis custam agus ar na costais a thabhaíonn siad. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 79 d'Fhoscríbhinn I den Choinbhinsiún a leasú dá réir sin, mar aon le Pointe 19.3., Caibidil III, Foscríbhinn II d'Iarscríbhinn I den Choinbhinsiún, áit a bhfuil athrú ar a bhfuil i bhFoscríbhinn 72-04, pointe 19.3, Caibidil III den Rialachán Cur Chun Feidhme thuasluaite. Ba cheart gur ón 30 Meitheamh 2020 a bheadh feidhm leis an leasú seo freisin le comhionannas na gcoinníoll a dheonú do na ráthóirí faoi reachtaíocht custaim an Aontais agus faoin gCoinbhinsiún.

- (4) Na foirmeacha le haghaidh ghealltanais na ráthóirí, is in Iarscríbhinní C1, C2, C4, C5 agus C6 d'Fhoscríbhinn III den Choinbhinsiún a leagtar amach iad. Is éard a liostaítear sna foirmeacha sin Ballstáit an Aontais maille leis na Páirtithe Conarthacha eile sa Choinbhinsiún. Cinneadh Uimh. 2/2018⁵ de Chomhchoiste AE-CTC, is ann a scriostar na tagairtí don Ríocht Aontaithe mar Bhallstát den Aontas, agus is ann a chuirtear isteach tagairt don Ríocht Aontaithe mar thír chomhchoiteann idirthurais ón dáta ar a dtiocfaidh aontachas na Ríochta Aontaithe mar Pháirtí Conarthach ar leithligh i bhfeidhm. Mar sin féin, mar aon leis sin, d'iarmhairt ar chur i bhfeidhm an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann⁶, i gcás oibríochtaí iompair AE, ba cheart Tuaisceart Éireann a liostú ar bhealach a chuireann i dtásc nach mór aon ráthaíocht atá bailí i mBallstáit an Aontais a bheith bailí i dTuaisceart Éireann chomh maith.
- (5) D'iarmhairt ar chur i bhfeidhm an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, agus i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 471/2009⁷, tugadh isteach⁸ cód nua 'XI' le hidirdhealú a dhéanamh idir an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann. Ba cheart úsáid na gcód tíre faoi mar a shainítear in Iarscríbhinn A2 agus Iarscríbhinn B1 d'Fhoscríbhinn III den Choinbhinsiún a leasú dá réir.
- (6) Ionas gur féidir ceartchur i bhfeidhm an chóid nua 'XI' a áirithiú, ba cheart gur d'Iarscríbhinn A2 nó Iarscríbhinn B1 d'Fhoscríbhinn III den Choinbhinsiún a thagródh na tásca uile sa Choinbhinsiún a bhaineann le húsáid na gcód tíre.
- (7) Is é an 1 Eanáir 2021 dáta theacht i bhfeidhm do Chinneadh Uimh. 2/2018 de Chomhchoiste AE-CTC tar éis teacht i bhfeidhm ar an 4 Nollaig 2019⁹ do Chinneadh Uimh. 1/2019. De Chinneadh Uimh. 1/2019, tugadh isteach an t-ainm nua 'Poblacht na Macadóine Thuaidh' ar na foirmeacha le haghaidh ghealltanais na ráthóirí faoi mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinní C1, C2, C4, C5 agus C6 i bhFoscríbhinn III den Choinbhinsiún, ach maidir le cinneadh Uimh. 2/2018 is leis a tugadh isteach an seanainm 'Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine' de dhearmad in Iarscríbhinní C1, C2 agus C4. Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm nua 'Poblacht na Macadóine Thuaidh' a thabhairt slán sna foirmeacha sin.

⁵ IO L 317, 14.12.2018, lch. 48

⁶ An Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, IO L 29, 31.1.2020, lch. 102

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1172/95 ón gComhairle IO L 152, 16.6.2009, lch. 23

⁸ Rialachán (AE) Cur chun Feidhme 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair faoi ainmníocht na dtíortha agus na gcóid le haghaidh na staitisticí Eorpacha i leith trádáil earraí agus ar an scagadh geografach ar staitisticí gnó nach iad (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2)

⁹ IO L 103, 3.4.2020, lch. 47

Dá bhrí sin, ba cheart an Coinbhinsiún a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

Airteagal 1

- (1) Leasaítear Foscúbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún de réir mar a leagtar amach in Iarscúbhinn A a ghabhann leis an gCinneadh seo.
- (2) Leasaítear Foscúbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún de réir mar a leagtar amach in Iarscúbhinn B a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Beidh feidhm ag pointí 2 agus 3 d'Iarscúbhinn A ón 30 Meitheamh 2020.

Beidh feidhm ag pointí 1 go 4 d'Iarscúbhinn B ón lá a thiocfaidh an Ríocht Aontaithe in aontachas sa Choinbhinsiún ina Pháirtí Conarthach.

Arna dhéanamh i

*Thar ceann an Chomhchoiste
An tUachtarán*

Iarscríbhinn A

Leasaítear Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún mar a leanas:

- (1) In Airteagal 50, cuirtear isteach míreanna 3 agus 4 mar a leanas:

‘3. Sa chás go bhfaigheann an t-údarás custaim i dtír atá páirteach in oibríocht idirthurais fianaise roimh an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 114(2)(a) dul in éag gur ar a críocha féin a tharla na himeachtaí ba chúis leis na fiacha, is éard a dhéanfaidh an t-údarás sin láithreach bonn agus i gcás ar bith laistigh den teorainn ama sin, iarraidh a bhfuil bonn cirt léi a sheoladh chuig an tír imeachta leis an bhfreagracht i leith thosú na haisghabhála a aistriú chuig an údarás custaim iarrthach.

4. Admhóidh údarás custaim na tíre imeachta go bhfuarthas an iarraidh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3, agus cuirfidh sé in iúl don údarás custaim iarrthach, laistigh de 28 lá ón dáta ar ar cuireadh an iarraidh, an bhfuil sé toilteanach géilleadh don iarraidh agus an fhreagracht i leith thosú na haisghabhála a aistriú chuig an údarás iarrthach nó nach bhfuil.’

- (2) In Airteagal 79:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. An tréimhse bhailíochta atá ag deimhniú ráthaíochta cuimsitheach nó ag deimhniú tarscaoilte ráthaíochta, is tréimhse í nach rachaidh thar cúig bliana. Mar sin féin, féadfaidh oifig custaim na ráthaíochta síneadh a chur leis an tréimhse sin aon uair amháin, síneadh nach rachaidh thar cúig bliana.’

- (b) cuirtear isteach míreanna (3) agus (4) tar éis mír (2):

‘3. Le linn don tréimhse inar bailí an deimhnithe, má chuirtear in iúl d’oifig custaim na ráthaíochta, de bharr líon mór athruithe, nach leor a bhfuil de sholáiteacht sa deimhniú, sin agus go bhféadfadh an oifig custaim imeachta é a dhiúltú, déanfaidh oifig custaim na ráthaíochta an deimhniú a dhíbailíochtú, agus eiseoidh siad deimhniú nua, más iomchuí sin.

4. Deimhnithe is bailí ar feadh tréimhse dhá bhliain, is deimhnithe iad a bhfanfaidh an bhailíocht iontu. Féadfaidh oifig custaim na ráthaíochta an dara síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta, síneadh nach rachaidh thar cúig bliana.’

- (3) In Iarscríbhinn II, Caibidil III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 19.3:

‘19.3 An tréimhse bhailíochta atá ag deimhniú ráthaíochta cuimsitheach nó ag deimhniú tarscaoilte ráthaíochta, is tréimhse í nach rachaidh thar cúig bliana. Mar sin féin, féadfaidh oifig custaim na ráthaíochta síneadh amháin a chur leis an tréimhse sin, síneadh nach rachaidh thar cúig bliana.

Le linn don tréimhse inar bailí an deimhnithe, má chuirtear in iúl d’oifig custaim na ráthaíochta, de bharr líon mór athruithe, nach leor a bhfuil de sholáiteacht sa deimhniú, sin agus go bhféadfadh an oifig custaim imeachta é a dhiúltú, déanfaidh oifig custaim na ráthaíochta an deimhniú a dhíbailíochtú, agus eiseoidh siad deimhniú nua, más iomchuí sin.

Deimhnithe is bailí ar feadh tréimhse dhá bhliain, is deimhnithe iad a bhfanfaidh an bhailíocht iontu. Féadfaidh oifig custaim na ráthaíochta an dara síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta, síneadh nach rachaidh thar cúig bliana.’

Iarscríbhinn B

Leasaítear Foscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún mar a leanas:

- (1) In Iarscríbhinn AI, Teideal II, Caibidil II, pointe B faoi shonraí na faisnéise sa dearbhú maidir le hidirthuras, an pointe urchair ‘TAGAIRT DON RÁTHAÍOCHT’, cuirtear an méid a leanas in ionad ‘(cód tíre ISO alfa-2)’ in Inneachar Réimse 2:
‘(an cód tíre ar fáil in Iarscríbhinn A2)’.
- (2) In Iarscríbhinn A2, pointe 1, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:
‘Is é XI a úsáidtear le haghaidh Thuaisceart Éireann.’.
- (3) In Iarscríbhinn A4, pointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs ‘(cód tíre ISO alfa-2)’ in Inneachar Réimse 2:
‘(an cód tíre ar fáil in Iarscríbhinn A2)’.
- (4) In Iarscríbhinn B1, leasaítear Bosca 51 mar a leanas:
 - (a) in ionad an téacs ‘BM an Ríocht Aontaithe’, cuirtear:
‘BM an Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann)’;
 - (b) cuirtear an mhír seo a leanas leis an liosta:
‘XI Tuaisceart Éireann’.
- (5) Leasaítear pointe 1 d’Iarscríbhinn C1 mar a leanas:
 - (a) in ionad an téacs ‘Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine’, cuirtear an téacs ‘Poblacht na Macadóine Thuaidh’;
 - (b) cuirtear iarnóta 3a leis an téacs ‘Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann³’ roimh iarnóta 3 lena n-áirítear an téacs seo a leanas:
‘De bhun an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, is mar chuid den Aontas Eorpach atá Tuaisceart Éireann le meas chun críoch na ráthaíochta seo. Dá bhrí sin, ráthóir atá bunaithe i limistéar custaim an Aontais Eorpaigh, cuirfidh sé seoladh le haghaidh seirbheála in iúl, nó ceapfaidh sé gníomhaire, i dTuaisceart Éireann más féidir an ráthaíocht a úsáid ann. Mar sin féin má bhailíochtaítear ráthaíocht san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhthéacs na n-idirthuras comhchoiteann, ba leor aon seoladh amháin le haghaidh seirbheála nó gníomhaire ceaptha sa Ríocht Aontaithe le gach cuid den Ríocht Aontaithe a chumhdach, Tuaisceart Éireann san áireamh.’.
- (6) Leasaítear Iarscríbhinn C2, pointe 1 mar seo a leanas:
 - (a) in ionad an téacs ‘Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine’, cuirtear an téacs ‘Poblacht na Macadóine Thuaidh’;
 - (b) cuirtear iarnóta 2a leis an téacs ‘Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann^{2a}’ lena n-áirítear an téacs seo a leanas:
‘De bhun an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, is mar chuid den Aontas Eorpach atá Tuaisceart Éireann le meas chun críoch na ráthaíochta seo. Dá bhrí sin, ráthóir atá bunaithe i limistéar custaim an Aontais Eorpaigh, cuirfidh sé seoladh le haghaidh seirbheála in iúl, nó ceapfaidh sé gníomhaire, i dTuaisceart Éireann más féidir an ráthaíocht a úsáid ann. Mar sin féin má bhailíochtaítear ráthaíocht san Aontas Eorpach agus sa

Ríocht Aontaithe i gcomhthéacs na n-idirthuras comhchoiteann, ba leor aon seoladh amháin le haghaidh seirbheála nó gníomhaire ceaptha sa Ríocht Aontaithe le gach cuid den Ríocht Aontaithe a chumhdach, Tuaisceart Éireann san áireamh.’.

(7) Leasaítear Iarscríbhinn C4, pointe 1 mar seo a leanas:

- (a) in ionad an téacs ‘Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine’, cuirtear an téacs ‘Poblacht na Macadóine Thuaidh’;
- (b) cuirtear iarnóta 3a leis an téacs ‘Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann’³ roimh iarnóta 3 lena n-áirítear an téacs seo a leanas:

‘De bhun an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, is mar chuid den Aontas Eorpach atá Tuaisceart Éireann le meas chun críoch na ráthaíochta seo. Dá bhrí sin, ráthóir atá bunaithe i limistéar custaim an Aontais Eorpaigh, cuirfidh sé seoladh le haghaidh seirbheála in iúl, nó ceapfaidh sé gníomhaire, i dTuaisceart Éireann más féidir an ráthaíocht a úsáid ann. Mar sin féin má bhailíochtáítear ráthaíocht san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhthéacs na n-idirthuras comhchoiteann, ba leor aon seoladh amháin le haghaidh seirbheála nó gníomhaire ceaptha sa Ríocht Aontaithe le gach cuid den Ríocht Aontaithe a chumhdach, Tuaisceart Éireann san áireamh.’.

(8) In Iarscríbhinn C5, leasaítear ró 7 mar a leanas:

- (1) cuirtear fonóta (**) leis an téacs ‘an Ríocht Aontaithe (**)’ lena n-áirítear an téacs seo a leanas:
- (2) ‘(**) De bhun an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, is mar chuid den Aontas Eorpach ba cheart Tuaisceart Éireann a mheas chun críoch na ráthaíochta seo.’.

(9) In Iarscríbhinn C6, leasaítear ró 6 mar a leanas:

- (1) cuirtear fonóta (**) leis an téacs ‘an Ríocht Aontaithe (**)’ lena n-áirítear an téacs seo a leanas:
- (2) ‘(**) De bhun an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach don Fhuinneamh Adamhach, is mar chuid den Aontas Eorpach ba cheart Tuaisceart Éireann a mheas chun críoch na ráthaíochta seo.’.